



An Chéadaoin – Grá agus an Dlúthpháirtíocht Idirghlúine



POBAIL INA MBÍONN ...

CREIDEAMH

FOGHLAIM

GRÁ

TEACHT ANIAR

DÓCHAS



An Chéadaoin – Grá agus an Dlúthpháirtíocht Idirghlúine

27 Eanáir 2021

Intinn Fhoghlama

Foghlaimoidh na daltaí an tábhacht a bhaineann leis an ngrá agus an dlúthpháirtíocht idirghlúine i measc phobal Críostaí an chreidimh is an teacht aniar.

Critéir Ratha

- Beidh ar chumas na scoláirí na focail ‘dlúthpháirtíocht idirghlúine’ agus ‘rath’ a mhíniú, agus samplaí éagsúla díobh a sholáthar.
- Beidh ar chumas na ndaltaí anailís a dhéanamh ar staitisticí éagsúla a dhéanann cur síos ar chleachtadh an reiligiúin i measc na nglún éagsúil, agus fáthanna a lua le difríochtaí ar bith.
- Beidh ar chumas na ndaltaí machnamh a dhéanamh ar an ngrá a léiríonn siad i leith na seanóirí agus i leith na ndaoine atá níos sine ná iad féin.

Mhúin Lewis Leigh (18 bl.) ón mBreatain Bheag rince TikTok dá sheanmháthair Nan (76 bl.), tar éis dó earraí grósaera a thabhairt chuici i rith na dianghlása Covid-19. Scaip an físeán go rábach.

Féach: <https://www.youtube.com/watch?v=aA7HNNHjGNnA>

1. Cad a thugann le fios dúinn go bhfuil gaol maith ann idir Leigh agus Nan?

2. Bíonn lámh san aer ag tús an rince seo de ghnáth. Cén fáth go ndearna Leigh leasú air an dóigh leat?

3. Cén fáth go bhfuil an físeán seo éagsúil ó fhormhór na TikTok?

4. Pléigh an téarma ‘dlúthpháirtíocht idirghlúine’. An bhfuil sé le sonrú anseo? Conas san?

5. Léigh an véarsa ó Seanfhocal 20:29: ‘A neart féin glóir na n-ógánach; ach an ceann liath maise na seanóirí’. An bhfuil sé ábhartha don fhíseán seo?



Obair i nGrúpaí Beaga

1. Cad iad na rudaí is fearr faoi bheith mar dhéagóir?

2. Cad iad na rudaí is fearr faoi bheith mar sheanóir?

3. Cad is brí leis an bhfocal ‘rath’?

4. Roghnaigh cúpla rud ó na liostaí thuas a chabhródh le rath a chur ar dhaoine.

5. Cad iad na rudaí cúlailte a bheadh ar eolas ag glúin amháin seachas ag aon ghluin eile?

Bhuaigh Coláiste Calasactius ón Órán Mór sa Ghailimh an duais chré-umha as an tionscadal ‘Our Living Scenes’ i gcomórtas na dlúthpháirtíochta idirghlúine DCU sa bhliain 2019. Buaileann daltaí na hidirbhliana le seanóirí an phobail gach Déardaoin, agus glacann siad páirt in imeachtaí lena chéile. Breathnaigh ar an bhfíseán gearr seo (1:24 nóim.) <https://youtu.be/CEEv2cInpk8>

Smaoinigh – Péireáil – Roinn

Smaoinigh: Déan machnamh ar rud suntasach a thug tú faoi deara san fhíseán.

Péireáil: Píoc duine eile leis an léargas sin a roinnt leo. Mínigh an fáth le do rogha. Lig don duine eile an rud céanna a dhéanamh.

Roinn: Roghnaigh péire eile agus roinn an léargas leosan. Déan plé ag an deireadh mar rang iomlán.



Gníomhaíocht Mhalartach

1. Déan liosta de na scileanna a roinn na seanóirí leis na daoine óga.

2. Déan liosta de na scileanna a roinn na daoine óga leis na seanóirí.

3. Cén tionchar a bheadh ag obair na hidirbhliana ar shaol na seanóirí an dóigh leat? Ar mheon na n-óg?

4. Conas mar a léiríonn an físeán an dlúthpháirtíocht idirghlúine agus an rath?


Tráth Uimhearthachta

Seo iad na staitisticí don chleachtadh reiligiúnach ó dhaonáireamh 2016.


Sa bhliain 2016 d'ardaigh céatadán na gCaitliceach Rómhánach de réir a chéile ó 75.5 % daoine faoi bhun 1bl. go 83.5 % den aoisghrúpa 11 bl. Thit an líon ansin leis an dul in aois go dtí an leibhéal is ísle ag 60.5 % den aoisghrúpa 27 bl., agus chuaigh sé in airde go rialta go dtí an bhuaic ag 91.9 % na ndaoine 82 bl. d'aois.

Is féidir a mhalairt de phatrún a thabhairt faoi deara ó thaobh na ndaoine a deir nach bhfuil creideamh ar bith acu. Baineann céatadán íseal 4.5 % le daoine 12bl. Éiríonn na figiúirí go buaic 18.5% de dhaoine 26bl., agus titeann de réir mar a théann an daonra in aois.

Ballraíocht Chaitliceach de réir Aoise: Daonáireamh 2016



Gan Chreideamh de réir Aoise: Daonáireamh 2016





1. Léargas an ama atá sa daonáireamh. B'fhéidir nach ndéarfadh 60.5 % de dhaoine 27 bliana gur Caitlicigh Rómhánacha iad an chéad uair eile. Cad iad na fáthanna le go mbeadh an líon Caitliceach Rómhánach is lú san aoisghrúpa seo sa bhliain 2016?

2. Cén fáth gur Caitlicigh iad an méid sin duine óg?

3. Cén fáth gur Caitlicigh iad an méid sin duine aosta?

4. Conas mar a bheadh daonáireamh an lae inniu, éagsúil maidir leis na figiúirí sin?

5. Déan comparáid idir an dá bharrachairt. Cad é an rud is mó atá le sonrú ó bhreathnú orthu?

Gníomhaíocht Shínithe:

**Déan taighde maidir le hobair Alone.
Braitheann siad go mór ar obair
dheonach.**





Urnaí Dhúshlánach:

Más duine lán den gcreideamh tusa,
déan an phaidir ar an gcéad leathanach
eile a chur de ghlanmheabhair agus abair
ar son an tseanóra mhuirnich é.
Cuir ainm an duine isteach san áit
oiriúnach sa phaidir.
